Oifig Náisiúnta Imdhíonta
HSE National Immunisation Office
www.immunisation.ie
www.hpv.ie

Meán Fómhair 2023

**Maidir le: An clár vacsaínithe scoile i gcomhair daltaí na chéad bliana sa mheánscoil**

A Thuismitheoir nó a Chaomhnóir,

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoi vacsaínithe scoile do pháiste.

Déan deimhin go léann tú an t-eolas, go líonann tú isteach an fhoirm toilithe agus go seolann tú ar ais í sa chlúdach atá curtha ar fáil.

**Na vacsaínithe a gheobhaidh do pháiste**
Beidh foireann vacsaínithe scoile FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana chun na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- An vacsaín **HPV** (papalómaivíreas daonna) a thugann cosaint ar ailsí
- An vacsaín **Tdap**, a thugann cosaint ar theiteanas, ar dhiftéire agus ar an triuch (Pertussis)
- Vacsaín **MenACWY** (Meiningeacocúil) a thugann cosaint ar chineálacha meiningeacocúla A, C, W agus Y, arbh fhéidir leo bheith ina gcúis le meiningíteas agus seipticéime.

**An méid dáileog gur gá le do pháiste a fháil**
Ní mór do do pháiste teanndáileog amháin de Tdap, dáileog amháin de MenACWY agus don chuid is mó de dhaoine dáileog amháin den vacsaín HPV a fháil (má tá córas imdhíonachta lag ag do pháiste beidh 3 dháileog den vacsaín HPV ag teastáil uathu).
Tabhair cuairt ar www.hpv.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Tabharfar na vacsaíní ar an lá céanna, tabharfaidh an vacsaíneoir dhá instealladh i lámh amháin agus instealladh amháin sa lámh eile.

**Cathain a bheidh an chuairt**
Ba chóir go mbeadh an chuairt ó Eanáir chun HPV, Tdap agus MenACWY a thabhairt.
Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

**Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe**
Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte de le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do pháiste:

- Bíodh bricfeasta ite aige nó aici
- Bíodh barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte air nó uirthi
- Tógadh sé nó sí ar scoil an cárta taifid vacsaínithe nó an pas imdhíonta, má tá a leithéid aige nó aici.

Má bhíonn ceist nó ábhar buairimh ar bith agat, beidh baill d'fhoireann vacsaínithe na scoile sásta cabhrú leat. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar www.immunisation.ie agus www.hpv.ie áit a bhfaighidh tú tuilleadh eolais faoin gclár seo freisin.

Is mise le meas,

**An Dochtúir Lucy Jessop**
**Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta**
**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**MRCN 424447**